# An Clog a Léamh agus Clár Ama a Chruthú

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Tomhais – am, meastachán<br>*Comhtháthú – Teanga, OSIE, OSPS* |
| **Scileanna Forbartha** | Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna matamaiticiúla - ábhair agus próisis oiriúnacha a roghnú le haghaidh tascanna agus feidhmeanna matamaiticiúla<br><br>Comhtháthú agus nascadh – matamaitic a aithint sa timpeallacht<br><br>Réasúnaíocht – buillí faoi thuairim a thabhairt agus trialacha a dhéanamh chun iad a thástáil |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | clog, uair, nóiméad, tar éis, chun, a chlog, ceathrú, leath, níos luaithe, níos déanaí, deiridh, roimh, tar éis, analógach, digiteach, clár ama |
| **Áiseanna** | cloig dhigiteacha agus analógacha, páipéar, pinn luaidhe |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

1. **Gníomhaíocht 1**
   Athbhreithniú béil go dtí an uair, leathuair agus ceathrú uaire, cloig analógacha agus dhigiteacha in úsáid.

2. **Gníomhaíocht 2**
   Tá an rang roinnte ina dhá ghrúpa, beidh cloig analógacha ag grúpa amháin agus cloig dhigiteacha ag an ngrúpa eile. Roghnóidh siad am ar a seal chun é a léiriú sa dá fhormáid. Mar shampla, má tá an dalta leis an gclog analógach ag léiriú ceathrú chun a 9, léiríonn an dalta eile 8:45 leis an gclog digiteach.

3. **Gníomhaíocht 3**
   Cruthaíonn na daltaí a gcuid clár ama físeach chun cur síos a dhéanamh ar a lá, nó chun an chaoi ar mhaith leo a lá a chaitheamh. Tugann siad amanna tosaithe agus amanna críochnaithe do gach gníomhaíocht agus deir siad cén fhad a mhair gach ceann.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cén t-am atá le feiceáil ar an gclog seo?<br>• Cad atá uair amháin/30 nóiméad níos déanaí nó luaithe ná...? | • Cad é an t-am is fearr leat den lá agus cén fáth? |

## Difreáil

Úsáideann na daltaí an fhormáid ama a bhfuil muinín acu aisti i nGníomhaíocht 2 agus 3. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.